Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 18 Márta 2021**
**(OR. en)**

**6618/21**
**ADD 1**

**LIMITE**

**CORLX 106**
**CFSP/PESC 186**
**CADREFIN 117**
**POLGEN 34**
**FIN 155**
**COAFR 60**
**ACP 10**
**POLMIL 26**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena mbunaítear Saoráid Eorpach Síochána – Ráitis |

Ráitis, atá le cur i miontuairiscí na Comhairle ach a nglacfar an Cinneadh ón gComhairle, maidir leis an gCinneadh ón gComhairle lena mbunaítear Saoráid Eorpach Síochána.

PUBLIC

## Ráiteas ón tSualainn maidir leis an gCinneadh ón gComhairle lena mbunaítear Saoráid Eorpach Síochána – bunús le staonadh inchiallaithe

Beidh an tSualainn páirteach sa chinneadh Saoráid Eorpach Síochána a chur ar bun, rud a chuideoidh le neartú an Aontais Eorpaigh mar ghníomhaí ar son na síochána agus na slándála ar fud an domhain. Mar sin féin, athdhearbhaíonn an tSualainn an imní atá uirthi go bhféadfadh an tSaoráid Eorpach Síochána soláthar trealaimh mhíleata nó ardán míleata a cheadú, ar trealamh nó ardáin iad atá deartha chun fórsa marfach a chur ar fáil, in imthosca dúshlánacha agus i dtimpeallachtaí atá íogair ó thaobh na polaitíochta de.

Chun tacú leis an gCinneadh ón gComhairle, forchoimeádann an tSualainn a ceart staonadh go hinchiallaithe ó na bearta cúnaimh sin, mar a dearbhaíodh i ráiteas ó Sheirbhís Dlí na Comhairle. Níl ceart na Sualainne staonadh go hinchiallaithe ag brath, ar dhóigh ar bith, ar nádúr a beartais slándála agus cosanta. Beidh aon chinneadh den sórt sin bunaithe ar chúinsí náisiúnta, lena n-áirítear measúnú riosca atá comhthéacsbhunaithe agus de réir an cháis ar an mbeart cúnaimh atá beartaithe.

## Ráiteas ón Ostair maidir leis an gCinneadh ón gComhairle lena mbunaítear Saoráid Eorpach Síochána

Maidir leis an gCinneadh ón gComhairle lena mbunaítear Saoráid Eorpach Síochána, cuireann an Ostair i dtreis nach ndéanann an Cinneadh seo ón gComhairle difear ar dhóigh ar bith do na hiarmhairtí a bhaineann le staonadh inchiallaithe mar a leagtar amach in Airteagal 31(1) CAE.

Tugadh isteach foráil seo an Chonartha chun a chur ar chumas an Aontais gníomhú fiú mura féidir leis na Ballstáit uile aontú le gníomhaíocht atá beartaithe i réimse CBES/CBSC. Is den riachtanas é sláine na forála sin chun go mbeidh an tAontas in ann gníomhú thar a bhfuil beartaithe leis an tSaoráid Eorpach Síochána.

Áirithítear leis an gCinneadh ón gComhairle lena mbunaítear Saoráid Eorpach Síochána nach bhfuil aon oibleagáid ar an Ostair aon bheart cúnaimh a mhaoiniú a mheasann sí a bheith íogair ar chúiseanna bunreachtúla nó polaitiúla i gcomhréir le saintréith a beartais slándála agus cosanta. Sa chomhthéacs sin, cuireann an Ostair i dtreis gur de chineál deonach é a tiomantas – mar a leagtar amach sa Chinneadh seo ón gComhairle – méid breise a thabhairt do bhearta cúnaimh seachas na bearta sin a bhaineann le trealamh míleata nó ardáin mhíleata, a ceapadh chun fórsa marfach a chur ar fáil, agus gan dochar do chórais leantacha amach anseo.

Is cuid lárnach de phacáiste na Saoráide Eorpaí Síochána iad na Treoirlínte Ginearálta agus Tosaíochtaí Beartaithe le haghaidh Bearta Cúnaimh le linn na Tréimhse Tosaigh (2021-2023). Leagtar amach iontu uaillmhian na Saoráide Eorpaí Síochána: 'Aontas a shaothróidh a chumas iomlán mar sholáthraí slándála domhanda ar mhaithe le coinbhleachtaí a chosc, freagairt go héifeachtach don ghéarchéim, agus rannchuidiú leis an tsíocháin.' Dá réir sin, mar a leagtar amach sna Treoirlínte Ginearálta, is cuspóir foriomlán ríthábhachtach é neartú a dhéanamh ar chumas na dtíortha comhpháirtíochta cosc a chur le géarchéimeanna agus freagairt orthu, agus rannchuidiú lena dteacht aniar, ionas go mbeidh siad in ann a muintir féin a chosaint ar bhealach níos fearr; is cuspóir é seo nach mór do na bearta cúnaimh sin atá beartaithe do na tíortha comhpháirtíochta a bhaint amach.

Ar deireadh, cuireann an Ostair i dtreis gur gá modheolaíocht riosca agus coimircí a chur chun feidhme go héifeachtach chun a áirithiú nach n-úsáidfidh tairbhí aon trealamh a sholáthraíonn an tAontas chun an dlí idirnáisiúnta a shárú, go háirithe an dlí um chearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta.

**An tSaoráid Eorpach Síochána – ráiteas ón bhFrainc**

Is díol sásaimh don Fhrainc gur glacadh an Cinneadh lena mbunaítear Saoráid Eorpach Síochána (dá ngairtear 'an Cinneadh' anseo feasta) agus is mian léi na pointí seo a leanas a dhéanamh maidir le léiriú an Chinnidh.

1. **Raon feidhme an tsásra bhuiséadaigh *ad hoc* i gcás staonadh**

Mar thoradh ar an obair sa Chomhairle, forbraíodh modheolaíocht fhónta chun bearta cúnaimh a bhainistiú, lena gcuirfear ar fáil na ráthaíochtaí uile is gá chun trealamh íogair a sholáthar.



PUBLIC

Mar sin féin, sa phlé a rinneadh ó 2018 i leith, chuir roinnt Ballstát in iúl go bhféadfadh, sa staid shonrach atá acu, fadhbanna a bheith ann dá ndéanfaí an trealamh is íogaire ('*a cheaptar chun fórsa marfach a thabhairt*') a sheachadadh. I bhfianaise an mhéid sin, chinn an Chomhairle, ar bhonn an dara fomhír d'Airteagal 41(2) CAE, sásra um maolú a chruthú, mar eisceacht, lena gceadófaí do na Ballstáit sin, faoi choinníollacha áirithe, gan rannchuidiú ó thaobh airgeadais de le bearta a bhaineann le trealamh a sheachadadh a cheaptar go sonrach chun fórsa marfach a thabhairt, agus prionsabal na dlúthpháirtíochta airgeadais á chaomhnú ag an am céanna don tSaoráid ina hiomláine. **Dá bhrí sin, tugtar, leis an sásra seo, solúbthacht do na Ballstáit sin go sonrach, i bhfianaise na srianta arna lua le linn cruinnithe ullmhúcháin, nuair a staonann siad ar an mbonn sin.** Níl sé i gceist go mbainfí an bonn de chomhtháthú na mBallstát agus iad ag tacú le bearta cúnaimh na Saoráide Eorpaí Síochána.

PUBLIC

An sainmhíniú ar an trealamh a bhfuil feidhm ag an sásra sin maidir leis, ba cheart an sainmhíniú sin a léiriú mar threalamh a áirítear i gcatagóirí ML1 go ML4 de Liosta Míleata Coiteann an Aontais Eorpaigh agus na hardáin dá dtagraítear i ML6, i ML9 agus i ML10, nuair a fheistítear iad leis na hairm, leis an trealamh daingnithe nó comhtháite, nó leis an armlón a shonraítear i gcatagóirí ML1 go ML4.

## 2. Airteagal 31(1) CAE

Meabhraítear don Fhrainc forálacha an dara fomhír d'Airteagal 31(1) CAE: '*Agus é ag staonadh ó vótáil, féadfaidh comhalta den Chomhairle a staonadh ó vótáil a cháiliú trí dhearbhú foirmiúil a dhéanamh faoin bhfomhír seo. Sa chás sin, ní bheidh d'oibleagáid air an cinneadh a chur i bhfeidhm* ***ach glacfaidh sé leis go bhfuil an cinneadh de cheangal ar an Aontas. Staonfaidh an Ballstát i dtrácht, de mheon dlúthpháirtíochta frithpháirtí, ó aon ghníomhaíocht ar dóigh di bheith ar neamhréir le gníomhaíocht an Aontais a bheidh bunaithe ar an gcinneadh sin*** *nó gníomhaíocht sin an Aontais a bhac agus urramóidh na Ballstáit eile a sheasamh'.* Ba mhaith leis an bhFrainc a chur in iúl freisin nach ndéantar, leis an sásra sin, difear don oibleagáid atá ar na Ballstáit tacú go gníomhach agus gan chuntar le beartas eachtrach agus slándála an Aontais de mheon dílseachta agus dlúthpháirtíochta frithpháirtí, mar a fhoráiltear in Airteagal 24(3) CAE.

Má staonann Ballstát ó vótáil faoin dara fomhír d'Airteagal 31(1) CAE, ní dhéantar difear don rannchuidiú airgeadais, nach mór don Stát a staonann ón vótáil fós a íoc, seachas i dtaca leis an eisceacht dá bhforáiltear sa dara fomhír d'Airteagal 41(2) CAE, *'aon chaiteachas a thig ó oibríochtaí a bhfuil impleachtaí míleata nó cosanta acu',* nach mbeidh, ina leith, *'d'iallach ar na Ballstáit a bhfuil dearbhú foirmiúil déanta ag a n-ionadaithe sa Chomhairle faoin dara fomhír d'Airteagal 31(1) ranníocaíochtaí a dhéanamh maidir [lena maoiniú]'.*

PUBLIC

Níl aon bhaint ag an sásra *ad hoc* arna bhunú le hAirteagal 5(3) den Chinneadh le léiriú na bhforálacha sin den Chonradh.

Sainíonn an Chomhairle an sásra ar bhealach lánroghnach agus de mhaolú ar bhonn an dara fomhír d'Airteagal 41(2) CAE, lena bhforáiltear '*Nuair nach muirearófar an caiteachas ar bhuiséad an Aontais, muirearófar ar na Ballstáit é i gcomhréir le scála na holltáirgeachta náisiúnta mura gcinnfidh an Chomhairle a mhalairt ag gníomhú di d'aon toil*.'

3. **Beart cúnaimh a bheith á chur chun feidhme ag oibríocht nó misean CBSC**

Nuair a chuireann misean nó oibríocht CBSC beart cúnaimh chun feidhme, dá bhforáiltear in Airteagal 33(6) den Chinneadh, rannchuidítear go díreach le cuspóirí slándála agus cosanta an Aontais a bhaint amach a mhéid a bhaineann lena chomhpháirtithe, go háirithe trí rialú a thabhairt don Aontas ar an slabhra oiliúna ar fad, lena n-áirítear trealamh a bheith á sholáthar ag oiliúnóirí do thrúpaí oilte. Ní féidir leis an Aontas a bheith ag brath ar thríú cumhachtaí ina leith sin. Leis an ról sin a bhíonn ag misin agus oibríochtaí, neartaítear freisin inniúlachtaí faireacháin an Aontais faoi chuimsiú na ndianbheart rialála dá bhforáiltear leis an tSaoráid. Ós rud é go nglacann comhaltaí na Comhairle sainorduithe na misean agus na n-oibríochtaí CBSC sin d'aon toil, ní mór go rannchuideodh na Ballstáit uile leis na bearta cúnaimh a chuireann na misin agus na hoibríochtaí sin chun feidhme.

Sa chomhthéacs sin, measaimid nach bhféadfar an sásra dá bhforáiltear in Airteagal 5(3) den Chinneadh a úsáid i gcás bearta cúnaimh arna gcur chun feidhme ag misean nó oibríocht CBSC de bhun Airteagal 33(6) den Chinneadh.

## 4. Ranníocaíochtaí tar éis staonadh

Tá Airteagal 27 den Chinneadh, maidir le ranníocaíochtaí tar éis staonadh, gan dochar don fhéidearthacht, atá ar oscailt do gach Ballstát, tograí a chur isteach tráth ar bith le haghaidh bearta cúnaimh ar féidir ranníocaíocht an Stáit a staonann a leithdháileadh orthu. Ní mór do na bearta cúnaimh freastal ar na riachtanais arna sainaithint go sonrach ag an Ardionadaí agus ní mór don Chomhairle iad a ghlacadh d'aon toil i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 59 den Chinneadh.

## 5. Bainistíocht fhónta airgeadais agus caomhnú éifeachtacht na Saoráide

Ní mór cur chun feidhme an tsásra dá bhforáiltear in Airteagal 5(3) a bheith ag teacht le prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais agus ní mór éifeachtacht na Saoráide, dá dtagraítear in aithris 23 agus in Airteagail 11(6), 27(5) agus 32 den Chinneadh, a chaomhnú. Ní mór go gcaomhnódh sé éifeachtacht na Saoráide agus ní féidir leis cur isteach ar chumas an Aontais trealamh a chumhdaítear faoi Airteagal 5(3) a sholáthar do thairbhithe beart cúnaimh arna gcinneadh ag an gComhairle. Níor cheart dó castacht iomarcach bhuiséadach ná airgeadais a chruthú.

## 6. Leanúnachas leis an tSaoráid Síochána don Afraic

Mar a dhearbhaigh an Chomhairle Eorpach sna conclúidí uaithi an 17-21 Iúil 2020 agus i gcomhréir le haithrisí 16, 18 agus 19 den Chinneadh, ní mór don tSaoráid Eorpach Síochána leanúnachas leis an tSaoráid Síochána don Afraic a áirithiú. Is é is aidhm di cumais mhíleata agus cosanta ár gcomhpháirtithe a threisiú trí aghaidh a thabhairt ar riachtanas seanbhunaithe ar an láthair, agus cuirfidh sí le hinchreidteacht mhisin agus oibríochtaí an Aontais trína chur ar a gcumas trealamh míleata a sholáthar do thrúpaí ár gcomhpháirtithe a bhfuilimid ag cabhrú lena n-oiliúint.

## Ráiteas ó Éirinn maidir leis an gCinneadh ón gComhairle lena mbunaítear Saoráid Eorpach Síochána

Tá Éire tiomanta do CBSC an Aontais a thugann an inniúlacht don Aontas dul i mbun misin síochánaíochta agus misin chun coinbhleachtaí a chosc agus don tslándáil idirnáisiúnta a threisiú i gcomhréir le prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe. Le bunú na Saoráide Eorpaí Síochána áirithítear go leanfar den chistiú do ghníomhaíocht CBSC agus don Struchtúr Afracach um Shíocháin agus um Shlándáil.

PUBLIC

Meabhraítear d'Éirinn gur ar bhonn tograí nó tionscnaimh arna gcur isteach i gcomhréir le hAirteagail 42(4) nó 30(1) CAE faoi seach a ghlacfar cinntí lena mbunófar oibríochtaí agus bearta cúnaimh arna gcistiú faoin tSaoráid. Tugtar faoi deara chomh maith, i gcúinsí áirithe – agus le cosaintí láidre – gur féidir maoiniú ón tSaoráid Eorpach Síochána a úsáid le haghaidh trealamh míleata, lena n-áirítear trealamh nó ardáin a ceapadh chun fórsa marfach a thabhairt. I gcúinsí den chineál sin, tá sé ar intinn ag Éirinn úsáid a bhaint as an sásra um staonadh inchiallaithe agus, dá bhrí sin, ní dhéanfaidh sí ranníocaíocht le maoiniú trealaimh mharfaigh dá bhforáiltear sa Chinneadh. Ina ionad sin, trínár ngealltanas roghnach deonach, tabharfaidh Éire ranníocaíocht chomhfhreagrach don bhuiséad le haghaidh bearta cúnaimh nach bhfuil aon bhaint acu le soláthar trealaimh ná ardán marfach den sórt sin.

PUBLIC

Athdhearbhaíonn Éire a seasamh, mar ábhar dlí, nach bhfuil sé d'oibleagáid ar Bhallstát a bhaineann leas as an sásra um staonadh inchiallaithe atá sa dara mír d'Airteagal 31(1) CAE an cinneadh i dtrácht a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear i leith maoinithe. I ndáil leis an méid sin, tugaimid dár n-aire go bhforáiltear leis an dréacht-Chinneadh ón gComhairle lena mbunaítear an tSaoráid Eorpach Síochána do ranníocaíochtaí comhfhreagracha airgeadais a bheidh le déanamh ag Ballstáit a bhaineann leas as staonadh inchiallaithe ach aithnítear go bhfuil an méid sin bunaithe ar ghealltanas roghnach deonach. Measann Éire go bhfuil sé sin ag luí lena seasamh dlí maidir le hAirteagal 31(1). Cé go mbeimid faoi cheangal dlí ag forálacha an Chinnidh ón gComhairle maidir le ranníocaíochtaí comhfhreagracha de bhun staonadh inchiallaithe, is mian linn a athdhearbhú nach toisc go mbraithimid go bhfuil oibleagáid orainn é sin a dhéanamh faoi na Conarthaí ach toisc go bhfuil rogha á déanamh againn dár ndeoin féin é sin a dhéanamh atáimid rannpháirteach sa chreat seo. Chuirfimis i dtábhacht a thuilleadh i ndáil leis sin gur Cinneadh eisceachtúil *sui generis* an Cinneadh seo ón gComhairle an tSaoráid Eorpach Síochána a bhunú agus go bhfuil sé gan dochar do ghinearáltacht an dara mír d'Airteagal 31(1).

## **Ráiteas ó Mhálta maidir leis an gCinneadh ón gComhairle lena mbunaítear Saoráid Eorpach Síochána**

Dearbhaíonn Málta nach ndéanfaidh a rannpháirtíocht i gcinntí maidir le hoibríochtaí agus bearta cúnaimh agus ranníocaíochtaí chun oibríochtaí agus bearta cúnaimh den sórt sin a mhaoiniú faoin tSaoráid Eorpach Síochána dochar dá oibleagáidí bunreachtúla. Forchoimeádann Málta an ceart staonadh ó bhearta cúnaimh lena bhféadfaí trealamh míleata nó ardáin a sholáthar a ceapadh chun fórsa marfach a thabhairt i gcomhréir leis an dara mír d'Airteagal 31(1) CAE.

**Ráiteas ón gCoimisiún maidir le hAirteagal 41(2) CAE**

Is é a mheasann an Coimisiún nach féidir le hAirteagal 1(2) den Chinneadh ón gComhairle oibleagáidí na mBallstát agus na nInstitiúidí, mar a leagtar síos sna Conarthaí, a athrú. Agus buiséad an Aontais á chur chun feidhme aige i gcomhréir le hAirteagal 317 CFAE agus – más gá – agus é ag gníomhú mar riarthóir i ndáil le bearta cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána, leanfaidh an Coimisiún d'Airteagal 41(2) CAE a chur i bhfeidhm, mar airteagal lena gcuirtear cosc ar chistiú ó bhuiséad an Aontais ar ghníomhaíochtaí a bhfuil impleachtaí míleata nó cosanta acu. Is iad na Ballstáit a mhaoineoidh na gníomhaíochtaí sin.

PUBLIC

**Ráiteas ón gCoimisiún maidir leis na rialacha cur chun feidhme le haghaidh bearta cúnaimh**

I dtaca leis na rialacha le haghaidh chur chun feidhme an chaiteachais arna mhaoiniú tríd an tSaoráid, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil na rialacha sin fós le glacadh.

I dtaca leis na rialacha cur chun feidhme sin, a dhéanfar amach anseo, sonraítear in Airteagal 11(6)(b) den Chinneadh ón gComhairle go mbeidh na rialacha sin, a mhéid a bhaineann le bearta cúnaimh, comhsheasmhach leis an leibhéal bainistíochta fónta airgeadais, leis an leibhéal trédhearcachta agus leis an leibhéal neamh-idirdhealaithe a thugtar le Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (dá ngairtear an Rialachán Airgeadais anseo feasta), agus go ráthóidh siad an leibhéal céanna sin, agus sonraítear ann go dtabharfar, sna rialacha sin, údar sainráite leis na cásanna inar gá, ar mhaithe le solúbthacht spriocdhírithe, na rialacha a bheith éagsúil le rialacha an Rialacháin Airgeadais, agus sonraítear ann go n-áiritheofar leis na rialacha sin go gcomhlíonfaidh na rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag an oifigeach cuntasaíochta na caighdeáin chuntasaíochta le haghaidh na hearnála poiblí a bhfuil glacadh leo go hidirnáisiúnta. Thairis sin, de bhun na forála sin, scrúdóidh an Coiste na rialacha cur chun feidhme atá beartaithe, i ndlúthchomhar leis an riarthóir, go háirithe d'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfaidh siad prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais, an neamh-idirdhealaithe agus na hurraime do chearta bunúsacha.

Tá na coimircí sin riachtanach chun go bhféadfaidh an Coimisiún glacadh le ról an riarthóra agus an oifigigh cuntasaíochta maidir le bearta cúnaimh agus chun go bhféadfaidh sé an ról sin a chomhlíonadh, trína chuid seirbhísí. Deimhníonn an Coimisiún go ndéanfaidh sé, i gcónaí, na rialacha cur chun feidhme a mhéid a bhaineann le bearta cúnaimh a chur i bhfeidhm i gcomhréir le príomhphrionsabail na bainistíochta fónta airgeadais, na trédhearcachta agus an neamh-idirdhealaithe de réir mar a chumhdaítear sa Rialachán Airgeadais agus de réir shainchumais institiúideacha an Choimisiúin, agus deimhníonn sé go n-áiritheoidh sé an urraim do chearta bunúsacha ina chuid gníomhaíochta i gcónaí.

Má mheasann sé, maidir le cás ar leith, nach féidir a áirithiú go ndéanfar an cur chun feidhme i gcomhréir leis na prionsabail agus leis na módúlachtaí sin, cuirfidh an riarthóir agus/nó an t-oifigeach cuntasaíochta an Coiste ar an eolas faoin mbealach chun cinn tar éis dó/dóibh an t-ábhar a ardú ar an leibhéal iomchuí sa Choimisiún.

PUBLIC